

# AN CHÉAD FHEAR DHE CHLANN DHONNACHADHA A THÁINIG ISTEACH GO GLEANN IARR CHONACHTA.

Tháinig an fear seo go Gleann Iar Chonachta agus bhí sé an oidhche air. Chuir sé a claimhe suas i mbun tsop a tighe agus chuir sé chomh fada suas é agus nach mbeadh aon fheicéal air. I dteach dhe muintir Thuathail a tháinig sé. Chaith sé lá is bliadhain ansoin ann ag obair is mar sin ach nach ndéanfadh sé tada ach an méid a d'fhiarrfígh air. Tháinig creachadoirí ansoin lá agus thug siad leóthab an méid beithidigh a bhí ag Tuathal. Chruinnigh Tuathal an baile ar fad ag iarraidh na beithidhig a coingbhál ach níor iarr sé Mac Donnchadha chor a' bith a bhí istigh sa teach. Ní raibh siad indon na beithidhig a choingbheál. Nuair a bhí na beithidhig tugtha uaidh ansoin tháinig sé isteach "is aisteach a fear thú" adeir sé "atá mo theach le bliadhain is nach dtiocfadh a chongnamh dhom indiu" "Ar iarr tú mé" adeir a' fear. "Níor iarr" adeir sé. "Bhoil" adeir a fear níl cú bích dhá dhonnacht nach fiú fead a leigeann uirthi, tuige dtiocfainn se 'n aonfhacht leat nuair nar iarr tú mé. Ach cáil siad anois. "Ó is Cuma cá bhfuil siad" adeir sé "ní thiocfaidh tusa suas leothab." "Bféidir go dtiocfhainn" adeir sé.

Chuaidh sé amach agus thug sé leis a chclaimhe agus sé'n áit a dtáinig sé suas leóthabh ag Caoran Uí Thuathail agus seo é an fág a bhfuil Caorán Uí Thuathail ar an áit o choinn. Níor fág sé ceann ar cholainn ar aon dhuine acab mar a raibh ceann a rith uaidh gur bhain sé de na beithidhig agus go dtug sé ag Mac Uí Thuathail 'sa nGleann iad. "Anois tá siad ad " adeir sé "agus ceard tá tú ghabhail a dheanamh liomsa" "Tá seisear ingean ansoin adeir sé. "Agus triur mac, feadfídh tú duine a bith de na hingeaneacha a phosadh" Poseadh mé an ceann is sine" adeir sé níl mé gabhail a deanamh cailleach dhe cheatar acab agus 'sgearr go mbeidh an chuid eile acab posta freisin" Dubhairt sé go dtiúbhfhadh sé bó is fiche agus tarbh dhó.